


# Graif gluaiseachta

Graf luas is ama

Taispeánann graf luas is ama conas a athraíonn luas rud éigin thar tréimhse ama. Más líne cothramánach atá ann, ciallaíonn sé go bhfuil an rud sin ag taisteal ag luas buan.

Rinne Lorraine taifead ar luas carr a mháthair gach nóiméad a bhí sí ag toimáint go dtí an scoil. Taispeánann an graf thíos na torthaí.




## Ceisteanna

- ① Stop máthair Lorraine chun a cairde a bhailiú. Cathain a tharla sé seo?
- ② Cé comh fada 's a raibh stop uirthi?
- ③ Cé comh fada a raibh an carr ag taisteal ag luas buan?
- ④ Cad é an luas is tapúla a shroich an carr?
- ⑤ Cé comh fada 's a raibh an turas go hiomlán go dtí scoil?
- ⑥ Tá tú ag dul isteach sa chathar chun bualadh le do chairde. Siúlann tú chuig teach do chara and fanann tú ann go dtí go bhfuil sí réidh. Siúlann sibh go dtí stad an bus ach bíonn ort rith an píosa deireanach den turas mar go bhfuil an bus ag teacht. Ní thógann sé ach 10 nóimead ar an mbus sular sroicheann tú an cathair. Nuair atá tú ann siúlann tú timpeall go mall ag stopadh anois 's arís chun caint le daoine a cuireann tú aithne air. Nuair atá tú réidh chun filleadh abhaile foghlamaíonn tú nach bhfuil bus eile ar feadh uair a chloig. Mar sin siúlann tú abhaile ach siúlann tú go tapaidh mar deirtear go bhfuil an báisteach ag teacht.

Cruthaigh graf luas is ama garbh chun do luas tríd an turas thuas a thaispeáint. Cuir lipéaidí ar gach roinn sa ghraf chun a thaispeáint cad atá i gceist ann. (Leid: is é 5 km/h luas siúl tapaidh)

## Graif faid is ama

Is féidir linn a thaispeáint cé comh tapaidh is a bhfuil rud éigin ag bogadh ag úsáid graf faid is ama. Taispeánann an graf thíos an turas a thóg Jack abhaile ón scoil. Is féidir a fheiscint ar an ngraf go toснаíonn Jack ag rith mar sin tá fána ghéar sa chéad cuid den graf. Ins an dara cuid den graf cuireadh cor coise roimhe mar sin thit sé chun talamh – mar sin tá an líne ar an leibhéal. Tar éis seo siúlann sé abhaile agus níl an líne comh géar is a raibh sé chun tosaigh.



## Ceisteanna

① Cé acu roinn atá:

- an áit ina bhfuil an líne ar an leibhéal sa ghráf?
- an áit is géarra sa ghráf?
- an áit nach bhfuil an líne géar ach níl sé ar an leibhéal ach an oiread?

Roghnaigh do fhreagraí ó: A-B, B-C, nó C-D.

② Críochnaigh na habairtí:

- Is é an áit ina bhfuil an líne is géarra ná an áit ina bhfuil Jack ag.....
- An áit ina bhfuil an géar is lú ann ná an áit ina bhfuil Jack ag.....
- Is é an géar is lú atá ar an ngraf ná cá bhfuil Jack.....

③ a) Scríobh síos gach roinn a bheadh i do ghráf ar do thuras go dtí scoil.  
(mar shampla; ag dul go dtí teach do chairead, ag siúl go dtí stad an bus srl)

- Tarraing graf faid is ama chun do thuras a thaispeáint. Cuimhnigh go thaispeánann géireacht an líne cé comh tapaidh is a bhfuil tú ag bogadh. Cuir lipeáidí ar an ngraf chun a thaispeáint cad atá ag tarlúint.